# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*


Modúl 2
Bileog Oibre 1
31G

## Sealgairí na Clochaoise *7000 RC - 4000 RC* 1




Tháinig Sealgairí na Clochaoise go hÉirinn naoi míle bliain ó shin.
Mhair siad ar na hainmhithe fiáine agus ar na héisc a mharaigh siad.
Bhailigh agus d'ith siad plandaí agus caora freisin.

## Sealgairí na Clochaoise *7000 RC - 4000 RC* 2




D'úsáid sealgairí na Clochaoise saigheada agus bogha chomh maith le sleánna chun ainmhithe fiáine mar an mhuc fhiáin seo a mharú.

## Sealgairí na Clochaoise *7000 RC - 4000 RC* 3



Rinne sealgairí na Clochaoise uirlisí as breochloch.
Is cloch chrua í seo agus is féidir í a ghéarú go heasca.

## Sealgairí na Clochaoise *7000 RC - 4000 RC* 4



Bhí cónaí ar shealgairí na Clochaoise i mbotháin déanta as bataí adhmaid agus craicne ainmhithe.

# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

**Sealgairí na Clochaoise** *7000 RC - 4000 RC* **5**



Bhailigh sealgairí na Clochaoise torthaí fiáine agus caora mar bhia.

**Sealgairí na Clochaoise** *7000 RC - 4000 RC* **6**



Bhailigh sealgairí na Clochaoise uibheacha éin mar bhia.

**Sealgairí na Clochaoise** *7000 RC - 4000 RC* **7**




Bhailigh sealgairí na Clochaoise cnónna agus caora fiáine mar chnónna coill agus smeara dubha.

**Sealgairí na Clochaoise** *7000 RC - 4000 RC* **8**



Rinne sealgairí na Clochaoise iascaireacht ar éisc mar bhradáin agus bhric.

## Feirmeoirí na Clochaoise — 4000 RC - 2000 RC — 9



Tháinig feirmeoirí na Clochaoise go hÉirinn sé mhíle bliain ó shin.

## Feirmeoirí na Clochaoise — 4000 RC - 2000 RC — 10

Leag feirmeoirí na Clochaoise crainn chun páirceanna a dhéanamh. D'úsáid siad tuanna cloiche chun na crainn a leagan.




## Feirmeoirí na Clochaoise — 4000 RC - 2000 RC — 11



D'fhás feirmeoirí na Clochaoise cruithneacht agus eorna. Bhain siad, bhuail siad agus mheilt siad na barraí de lámh.


## Feirmeoirí na Clochaoise — 4000 RC - 2000 RC — 12

Ba iad feirmeoirí na Clochaoise an chéad dream chun potaireacht a dheánamh in Éirinn. D'úsáid said na potaí chun bia a stóráil.




# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

## 13 Feirmeoirí na Clochaoise — *4000 RC - 2000 RC*




Thóg feirmeoirí na Clochaoise tuamaí móra do na mairbh. D'úsáid siad clocha móra. Bhí an-tuiscint agus scil acu ar chonas clocha móra a bhogadh agus a ardú.

## 14 Feirmeoirí na Clochaoise — *4000 RC - 2000 RC*



Seo tuama Meigiliteach. Thóg na chéad fheirmeoirí é. Tugtar tuama ursanach air.


## 15 Feirmeoirí na Clochaoise — *4000 RC - 2000 RC*



Bhí nós ag feirmeoirí na Clochaoise na clocha a mhaisiú. Seo an chloch atá ag bealach isteach an tuama ag Brú na Bóinne i gContae na Mí.

## An Chré-Umhaois 2000 RC - 500 RC


**16**




Thosaigh tréimhse nua i stair na hÉireann le teacht cré-umha thart ar cheithre mhíle bliain ó shin. Is cóimhiotal é cré-umha déanta as copar agus stán. Úsáideadh cré-umha chun coirí (potaí móra), claimhte, cinn sleánna, tuanna agus uirlisí ceoil a dhéanamh.

## An Chré-Umhaois 2000 RC - 500 RC

**17**






Bhí na huirlisí cré-umha níos fearr ná na huirlisí a rinneadh as breochloch.
Seo tua chré-umha.


# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

## 18 — An Chré-Umhaois 2000 RC - 500 RC



Thóg muintir na Cré-Umhaoise ciorcail liag dá gcuid searmanas. Seo an ciorcal liag ag Drom Beag, Iarthar Chorcaí atá dírithe ar luí gréine lár an gheimhridh.

## 19 — An Chré-Umhaois 2000 RC - 500 RC



Chuir muintir na Cré-Umhaoise clocha móra in airde chun áiteanna tábhachtacha a thaispeáint.

## 20 — An Chré-Umhaois 2000 RC - 500 RC



Seo áit chocaireachta na Cré-Umhaoise. Tugtar fulacht fia air. Úsáideadh clocha teo chun an t-uisce a bhruith. Cócaráladh an fheoil san uisce te ansin.

## An Iarannaois — 500 RC – 400 AD

**21**



Úsáideadh iarann den chéad uair riamh in Éirinn thart ar 500 RC. Tá iarann i bhfad níos crua ná cré-umha agus fanann an faobhar géar níos faide.

## An Iarannaois — 500 RC – 400 AD


**22**




Tugadh na Ceiltigh ar mhuintir na tréimhse seo.
Labhair siad seanleagan den Ghaeilge.

## An Iarannaois — 500 RC – 400 AD


**23**



Seo claíomh agus truaill (clúdach) na hIarannaoise.
Throid na Ceiltigh le claimhte mar seo.

## An Iarannaois — 500 RC – 400 AD

**24**




Seo cineál nua ealaíne ar a tugadh 'La Tené'. Tháinig sé go hÉirinn i rith na hIarannaoise. Bhí baint ag na Ceiltigh leis an gcineál ealaíne seo.
Seo *Cloch Turoe* i gCo. Na Gaillimhe, a bhfuil maisiú La Tené uirthi.

# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD


25

An chéad rud tábhachtach eile a tháinig go hÉirinn ná an Chríostaíocht. Tháinig sí thart timpeall na bliana 400AD. Tógadh Mainistreacha mar seo timpeall na tíre.



## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD

26



Úsáideadh ardchrosa mar an ceann seo atá i Mainistir Bhuithe, Co. Lú chun an soiscéal a mhúineadh do dhaoine i rith na tréimhse Luath-Chríostaí.

## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD


27



Seo an Chailís Ardach. Rinneadh as ór agus airgead san ochtú céad AD í. Léiríonn sí an saibhreas agus an cheardaíocht a bhí i Mainistreacha na hÉireann ag an am sin.

## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD


**28**



Go luath sa tréimhse Luath-Chríostaí bhíodh cónaí ar dhaoine i gclóis chiorclacha mar seo. Ráth nó lios a tugadh air. Tógadh iad chun an áitreabh feirme a chosaint ar ionsaithe.

## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD

**29**




Dá mbeadh an ráth faoi ionsaí chuaigh daoine i bhfolach in uaimh thalún mar seo. Bhí gaothairí aeir iontu (souterrains) chun aer úr a chur ar fáil do na daoine faoin talamh.

# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

## Luath-Chríostaí 400 AD – 1000 AD

**30**



Thosaigh na Lochlannaigh ag déanamh ionsaithe ar mhainistreacha saibhre na hÉireann timpeall na bliana 800 AD. Thaistil siad i longa fada mar seo.

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD


**31**



**Tháinig na Normannaigh go hÉirinn sa bhliain 1169. Bhí dhá thrian den tír faoi smacht acu sa bhliain 1300. Ba shaighdiúirí iontacha iad ó Thuaisceart na Fraince.**

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD


**32**



Thóg na Normannaigh caisleáin mar seo nuair a bhí áit faoi ionradh acu. Móta agus bábhún an t-ainm a tugadh orthu. Tógadh an caisleán adhmaid ar bharr cnoic. Bhí siad níos simplí agus níos tapúla le tógáil ná caisleáin chloiche.

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD


**33**



Seo créfort mótach. Bhí na clóis chearnógacha seo coitianta sa tríú haois déag. Áitribh chosanta de chuid na Normannach a bhí iontu.

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD

**34**



Tógadh mainistreacha móra mar seo in Éirinn i rith na Meánaoise. Tógadh na foirgnimh timpeall ar áit oscailte ar a tugadh an clabhstra.

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD

**35**




Thóg na Normannaigh Caisleáin Mhóra cloiche freisin. Seo Caisleán an Rí Eoin i gCo. Luimnigh. Bhain na Normannaigh úsáid as caisleáin mar seo chun smacht a choinneáil ar na tailte a ghabh siad.

# Léaráidí *Amlíne na hÉireann*

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD


**36**



Túrtheach
Thóg tiarnaí Éireannacha túrthithe mar seo sa chúigiú agus sa séú haois déag.

## An Mheánaois 1169 – 1600 AD

**37**



Séipéal Meánaoiseach
Tógadh séipéil pharóiste mar seo sa chúigiú agus sa séú haois déag. Is fothraigh i seanreiligí iad an chuid is mó díobh seo sa lá atá inniu ann.

## Iar-Mheánaois 1600-1900 AD

**38**



Tharla athruithe móra in Éirinn sa seachtú haois déag. Tógadh tithe daingnithe in áit na seanchaisleán. Bhí go leor fuinneog agus tinteán iontu agus bhí siad i bhfad níos compordaí ná na caisleáin.

## Iar-Mheánaois 1600-1900 AD

**39**



Tháinig deireadh leis an tréimhse seo in Éirinn le bua Liam oráiste ag cath na Bóinne.

## Iar-Mheánaois 1600 – 1900 AD


40



I ndiaidh na bliana 1690 bhí formhór na talún i seilbh na dtiarnaí Protastúnacha. Thóg siad tithe móra tuaithe mar seo sa seachtú agus san ochtú céad déag.

## Iar-Mheánaois 1600 – 1900 AD

41



Bhí formhór na ndaoine ina gcónaí i dtithe traidisiúnta, aon stór mar seo sa seachtú agus sa naoú haois déag.

## Iar-Mheánaois 1600 – 1900 AD

42




Tógadh go leor de na foirgnimh inár mbailte agus inár sráidbhailte san ochtú agus sa naoú haois déag.

## Nua aimseartha


43



Rinneadh ceiliúradh ar an mílaois nua ar fud an domhain sa bhliain 2000 AD. Cuireadh suas an Spuaic ar Shráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath.

44G Modúl 2 Bileog Oibre 2

# An Cluiche Ama



DÁTAÍ AGUS TRÉIMHSÍ LE hAGHAIDH AMLÍNE NA hÉIREANN

| |
|---|
| 7000RC |
| 6000RC |
| 5000RC |
| 4000RC |
| 3000RC |
| 2000RC |
| 1000RC |
| 0 Breith Chríost |
| 1000AD |
| 2000AD |
| An Chlochaois - Sealgairí |
| An Chlochaois - Feirmeoirí |
| An Chré-Umhaois |
| An Iarannaois |
| Luath-Chríostaí |
| An Mheánaois |
| Iarmheánaois |
| Ré na linne seo |